Na Cnocadóirí

Club Gaeilge siúl sléibhe
www.cnocadoiri.com

Siúlóid Lá Fhéile Pádraig - 17 Márta 2010

Is mian leis na Cnocadóirí cuireadh a thabhairt duit éalú ó shluaite na cathrach ar lá fhéile Pádraig, agus teacht amach ag siúl linn ar shléibhte Chill Mhantáin go Log an Lá agus Cnoc na Clochóige.

Fáilte roimh chách, tosaitheoirí san áireamh. Ach tabhair ar d'aird gur trí Ghaeilge a bheidh an comhrá ar fad agus a thabharfar na treoracha ar fad. Mar sin ní mór duit bheith in ann ar a laghad bunchomhrá a dhéanamh trí Ghaeilge.

Beginners welcome. Please note, however, that all directions and instructions on the walk, and all conversation on the day, will be through Irish. You will need at least basic conversational skills in Irish to take part in this event.

An tsiúlóid
Log an Lá, Cnoc na Clochóige, Loch Deán. Siúlóid mheánach, timpeall 4 huaire an chloig, thar phortaigh agus ar thalamh garbh. Mar sin ní mór do dhaoine bheith réasúnta aclaí.

Eolas sábháilteachta – séanadh freagrachta
Ní mór do dhaoine a admháil go bhfuil contúirt a ngortaithe nó a mbáis féin ag baint leis an gcnocadóireacht, na contúirtí sin a thabhairt dá n-aire agus glacadh leo. Toileoidh siúlóirí a bheith freagrach as a gcuid gníomhartha féin agus as a n-iompar féin.
Aon duine a bhfuil fadhb shláinte aige/aici, ba chóir é sin a rá leis an treoraí roimh thús na siúlóide.

Áit chruinnithe A: Oifigí BSL, Sráid Mhic Liam ar 10.30 r.n.
- Dóibh siúd atá ag teacht ón gcathair, buailfimid lena chéile ag oifigí BSL ar Shráid Mhic Liam, roimh 10.15 a.m. agus buailfimid bóthar ar bhuille a 10.30 a.m.
- Eagrófar comhroinnt carranna do dhaoine nach bhfuil cóir thaistil acu.
- Léarscáil ag http://www.cnocadoiri.com/treoracha.html

Áit chruinnithe B: tús na siúlóide
- An t-ionad páirceála ag Geataí Guinness ar an mbealach idir an Tóchar agus Bearna Bhealach Sailearnáin
- Tagairt eangaí: O 170 017
- Tosóimid ag siúl ar 11:45 a.m.

Roghnach: Dinnéar i ndiaidh na siúlóide.
Beidh béile againn sa *Yellow House*, Rath Fearnáin, ar 6.30 p.m. Más mian leat dul ag an mbéile, **is gá ríomhphost a chur chuig cnocadoiri@yahoo.com roimh ré,** ag iarraidh orainn áit a chur in áirithint duit.

Trealamh agus feisteas riachtanach
Ní mór na nithe seo a leanas a bheith leat:
- Buataisí cearta cnocadóireachta, nach scaoileann isteach an t-uisce.
- Cóta maith báistí, caipín, lámhainní, bríste báistí.
- Lón maith, deoch the, uisce.
- Tóirse maith uiscedhíonach agus bataire spártha, feadóg, bia breise, mála marthanais.
- Athrú éadaigh le cur ort tar éis na siúlóide.

D'fhéadfadh nach ligfí do dhaoine teacht ag siúl mura mbeidh na nithe sin thuas ar fad acu.

Tuilleadh eolais:
Ríomhphost: cnocadoiri@yahoo.com
Fón: 086 1023 276 (Marie Riney)